C/2025/3772

17.9.2025

P9_TA(2024)0346

Leasú ar Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí planda

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí (COM(2023)0661 – C9-0391/2023 – 2023/0378(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/3772)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0661),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0391/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 13 Márta 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0035/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C, C/2024/1588, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1588/oj.

P9_TC1-COD(2023)0378

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta agus pasanna plandaí a úsáid, agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le fógraí áirithe faoi neamhchomhlíonadh

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2024/3115.)